*Freagróirí:* Autoritatea Națională Sanitară Veterinară și pentru Siguranța Alimentelor, Direcția Sanitară Veterinară și pentru Siguranța Alimentelor Dolj

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1) An gcaithfear Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ([1]) ina iomláine agus go háirithe forálacha Airteagal 1(3) go (5), a léiriú sa chiall nach mór fuarstórais a bhíonn i mbun miondíola le bunaíochtaí miondíola eile, ach ní leis an tomhaltóir deiridh, a údarú i gcomhréir leis an Rialachán sin i gcás nach dtagann an ghníomhaíocht lena mbaineann faoi na heisceachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 1(5)(b)?

2) An gcaithfear an Rialachán sin agus dlí an Aontais, go ginearálta, a léiriú sa chiall go gceanglaítear ar na húdaráis náisiúnta atá inniúil as cur chun feidhme an bheartais a áirithiú, arb é an beartas agus an cuspóir atá le baint amach leis an reachtaíocht agus as a áirithiú go gcomhlíontar oibleagáidí comhfhreagracha na n-oibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann, an coinníoll maidir le gníomhaíocht bheag, logánaithe agus shrianta, atá in Airteagal 1(5)(b)(ii) a léiriú i bhfianaise aithris 13 den Rialachán sin, nó an bhféadfadh siad maolú ón léiriú sin trína sainmhínithe féin ar na téarmaí?

3) I gcás freagra dearfach ar an dara ceist, an gá go n-urramóidh na sainmhínithe ábhartha, atá i mbeart náisiúnta lena dtrasuítear an Rialachán, substaint na gcoincheap, mar a thuairiscítear in aithris 13?

4) Ós rud é go bhforáiltear le forálacha Airteagal 17 de Normele atașate Ordinului No 111/2008 (Rialacha a ghabhann le hOrdú Uimh. 111/2008) go bhféadfar gníomhaíochtaí chun táirgí a sholáthar agus a dhíol le bunaíochtaí miondíola eile ar fud na Rómáine a áireamh sa ghníomhaíocht ina miondíoltar táirgí de bhunadh ainmhíoch gan oibleagáid údarú tréidliachta a fháil, an gcuirtear cosc le dlí an Aontais agus, go háirithe, Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ar aon fhoráil riaracháin agus/nó cleachtas riaracháin den sórt sin?

5) An gceanglaítear le prionsabal na coibhéise, i gcás ina bhféadfar beart ó údarás riaracháin a chur ar neamhní toisc nach bhfuil sé i gcomhréir le dlí náisiúnta, go bhféadfar an gníomh riaracháin sin a chur ar neamhní freisin i gcás nach gcomhlíonann rialacháin ábhartha de chuid an Aontais, amhail Rialachán (CE) Uimh. 853/2004?

---

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais maidir le bia de bhunadh ainmhíoch (IO 2004 L 139, lch. 55).

---

## Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal da Relação do Porto (an Phortaingéil) an 16 Eanáir 2023 — SF v MV, Instituto da Segurança Social, IP, Autoridade Tributária e Aduaneira, Cofidis SA — Sucursal em Portugal

**(Cás C-20/23, Instituto da Segurança Social agus páirtithe eile)**

(2023/C 164/39)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunal da Relação do Porto

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* SF

*Cosantóirí:* MV; Instituto da Segurança Social, IP; Autoridade Tributária e Aduaneira; Cofidis SA — Sucursal em Portugal

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1) An gcaithfear Airteagal 23(4) de Threoir [2019/1023] ([1]) a léiriú sa chaoi nach gceadaítear leis fiachais eile (seachas na fiachais a sonraítear ina phointí faoi seach) a eisiamh ach amháin nuair atá “údar cuí” leis?

2) An gcaithfear an fhéidearthacht go n-eiseoidh na Ballstáit catagóirí áirithe d'fhiachais ó urscaoileadh fiachais (ar chuntar go bhfuil údar cuí leis an eisiamh sin, mar a fhoráiltear in Airteagal 23(4) de Threoir 2019/1023) a léiriú sa chaoi go gceadaítear léi do na Ballstáit dliteanais chánach a eisiamh (nach sonraítear san Airteagal sin), agus staid fhabhrach a chruthú sa chaoi sin ina leith?

3) I gcás go dtugtar freagra dearfach ar na ceisteanna sin, cad iad na critéir nach mór a chomhlíonadh leis an údar sin, de réir bhrí dhlí an Aontais Eorpaigh, d'fhonn prionsabail ghinearálta de dhlí an Aontais agus na cearta bunúsacha a urramú, a bhfuil reachtóirí an Aontais agus na reachtóirí náisiúnta faoina réir ["toirmeasc ar idirdhealú de bhíthin náisiúntachta" (Airteagal 18 CFAE) agus "an tsaoirse chun gnó a sheoladh" (Airteagal 16 den [Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh]), chomh maith leis na saoirsí eacnamaíocha bunúsacha den mhargadh inmheánach]?

4) I gcás go dtugtar freagra diúltach ar an gceist sin, an gcumhdaítear leis na sainmhínithe (de réir bhrí dhlí an Aontais Eorpaigh agus d'fhonn an Treoir atá i gceist a léiriú) ar na coincheapa "fiachais a eascraíonn as pionóis choiriúla nó atá nasctha leis na pionóis sin" agus "fiachais a eascraíonn as dhliteanas de dhroim torta" fiachais chánach freisin, mar a fhoráiltear sa ghníomh reachtach inmheánach lena dtrasuitear Treoir 2019/1023 (Dlí Uimh. 9/2022 an 11 Eanáir)?

---

([1]) Treoir (AE) 2019/1023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le creataí um athstruchtúrú coisctheach, maidir le hurscaoileadh fiachais agus maidir le dícháilíochtaí agus maidir le bearta chun éifeachtúlacht nósanna imeachta a bhaineann le hathstruchtúrú, dócmhainneacht agus urscaoileadh fiachais a fheabhsú, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 (an Treoir maidir le hathstruchtúrú agus dócmhainneacht) (IO 2019 L 172, lch. 18).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Finanzgericht Bremen (an Ghearmáin) a taisceadh an 25 Eanáir 2023 – L v Familienkasse Sachsen der Bundesagentur für Arbeit**

**(Cás C-36/23, Familienkasse Sachsen)**

(2023/C 164/40)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Finanzgericht Bremen

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* L

*Cosantóir:* Familienkasse Sachsen der Bundesagentur für Arbeit

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

Ceisteanna a bhaineann le léiriú rialacha tosaíochta a leagtar síos in Airteagal 68 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004: ([1])

1. An gceadaíonn Airteagal 68 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 sochar linbh Gearmánach a aisghabháil, i bpáirt, go cúlghabhálach, ar an bhforas go bhfuil teidlíocht tosaíochta i mBallstát eile, cé nach ndearnadh measúnú ná íocaíochtaí, agus nach bhfuil measúnú ná íocaíochtaí á ndéanamh, as sochar teaghlaigh sa Bhallstát eile, agus é de thoradh air sin go bhfuil an méid atá fágtha don tairbhí faoi dhlí na Gearmáine faoi bhun an tsochair linbh sa Ghearmáin?

2. Más freagra dearfach a thabharfar ar an gcéad cheist:

   An mbraitheann an freagra ar an gceist maidir leis na forais ar a bhfuil sochair iníoctha ag Ballstát amháin nó níos mó de réir bhrí Airteagal 68 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004, nó na boinn óna n-éiríonn teidlíochtaí atá le comhordú, ar na coinníollacha teidlíochta faoi na rialacha náisiúnta, nó ar na himthosca faoina bhfuil na daoine lena mbaineann faoi réir reachtaíocht na mBallstát is ábhartha i gcomhréir le hAirteagail 11 go 16 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004?

3. Sa chás gurb iad na himthosca faoina bhfuil na daoine lena mbaineann faoi réir na reachtaíochta de na Ballstáit is ábhartha i gcomhréir le hAirteagail 11 go 16 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 an critéar cinntitheach: